An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2015

www.antudaraspinsean.ie

# CLÁR NA nÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh ..... 2

Ráiteas an Rialtóra Pinsean ..... 4

An tÚdarás Pinsean ..... 6

Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach ..... 7

Coistí an Údaráis ..... 11

Eagraíocht Éifeachtach a rith ..... 12

**FNA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015 ..... 13**

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ..... **14**

Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis ..... **15**

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais ..... **16**

Ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe ..... **17**

Ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach ..... **18**

Ráiteas maidir le staid airgeadais ..... **19**

Ráiteas maidir le sreafaí airgid ..... **20**

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ..... **21**

**Aguisín I** *Torthaí rialacháin don bhliain 2015* ..... **34**

**Aguisín II** *Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2015* ..... **36**

**Aguisín III** *Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gcuntais choigiltis scoir phearsanta* ..... **38**



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean ("An tÚdarás") chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir Alt 23(2) d'Acht na bpinsean 1990, arna leasú ("Acht na bPinsean").

Tá breac-chuntas sa tuarascáil bhliantúil seo ar an dul chun cinn atá déanta ag an Údarás le bliain anuas. Déanann an tÚdarás maoirseacht ar chomhlíonadh Acht na bPinsean ag iontaobhaithe scéime, ag soláthróirí Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP), ag Riarthóirí Cláraithe agus fostóirí atá ionadaíoch do thuairim is 160,000 scéim le breis agus 746,000 ball ghníomhacha iontu a bhfuil níos mó ná €100 billiún de shócmhainní infheistíochta i gceist leo, agus breis is 237,000 conradh aonair CCSP a bhfuil níos mó ná €5.2 billiún de shócmhainní infheistíochta i gceist leo.

I mí an Mhárta 2016 d'fhoilsigh an tÚdarás a Ráiteas faoi Straitéis 2016 – 2020 ina bhfuil ár bhfís le haghaidh 'todhchaí ina mbeidh coigiltis pinsean slán sábháilte, a bhfuil bainistíocht mhaith orthu, a bhfuil daoine in ann iad a thuiscint, agus a spreagann daoine chun infheistíocht a dhéanamh i bpinsean' leagtha amach. Seo í an uaillmhian atá againn i dtaca le pinsin.

Bhí gníomhaíochta an Údaráis maidir le comhlíonadh agus cur i bhfeidhm seasmhach agus éifeachtach le cúig bliana anuas, agus tá tugtha faoi deara againn go bhfuil feabhas ar leibhéal an chomhlíonta i gcás aonán rialaithe maidir lena gcuid dualgas faoi Acht na bpinsean. De bharr maoirseachta leanúnaigh, a raibh raon leathan d'iniúchtaí comhlíonta agus fiosrúcháin mar chodanna di, tá feabhas tagtha ar chaighdeán riaracháin na bpinsean.

Mar is léir ó Achoimre an Údaráis 2016 – 2020 leanfaimid ar aghaidh le clár ilchineálach de ghníomhaíocht chomhlíonta. Mar chuid de seo beidh cigireachtaí ar láthair ar riarthóirí, athbhreithniú ar chomhlíonadh maidir le CCSP, go háirithe mar a bhaineann le tuairisciú achtúireach, comhlíonadh iniúchta deisce, agus seiceáil ar sholáthar rochtana ar phinsin.

Cé gurb í maoirseacht ar chomhlíonadh an obair is tábhachtaí a bhíonn ar siúl ag an Údarás, tá obair i leith leasúchán agus simpliú na bpinsean cuimsitheach go maith agus bíonn an tÚdarás ag díriú uirthi. Ta scéim forlíontach na bpinsean in Éirinn i ndiaidh éirí an-chasta agus deacair a thuiscint gan cuid mhór ama a chaitheamh ag gabháil dó nó comhairleoirí gairmiúla a fhostú. Creideann an tÚdarás go ndéanfadh simpliú ghnéithe na scéime ón bharr anuas na pinsin níos intuisceana do bhaill na scéime, do dhaoine atá ag beartú teacht isteach sa scéim, agus don ghnáthphobal, agus go mbeadh a leithéid ina bhuntáiste do gach duine.

Is é atá mar aidhm ag an simpliú seo ná líon fheithiclí na bpinsean a ísliú agus riarachán na bpinsean a shimpliú. Tá sé an-tábhachtach nach dtiocfadh aon simpliú ar an scéim pinsin reatha salach ar cibé cineál scéime pinsean a d'fhéadfadh a bheith á beartú ag an Rialtas.

Tá an clár leasaithe ar aon dul le forbairtí ar scéimeanna pinsean na hEorpa, mar atá sna dréacht-treoracha IFSC II (Institiúidí le haghaidh Foráil Scoir Ceirde) atá faoi bhreithniú faoi láthair. Leagann sé seo béim ar thábhacht rialú den scoth ar scéimeanna pinsean acu siúd le taithí agus le cáilíochtaí cuí, agus ar cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh an t-údarás rialaithe cinnte go ndéanfaí é seo ar ardchaighdeán.

Cé go bhfuil feabhas tagtha ar airgeadas poiblí le bliain anuas, agus go bhfuil feabhas freisin ar chúrsaí fostaíochta (cé go bhfuil dífhostaíocht fós ard), tá éiginnteacht fós ag baint leis an bhforbairt eacnamaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, agus go gcruthóidh an éiginnteacht seo margaí nach bhfuil aon chinnteacht ag baint leo, agus nach ndéanfaidh sé seo leas daoine atá ag teacht i ngar d'aois pinsin. Chomh maith leis seo, tá rátaí úis fós íseal, rud a ghineann deacrachtaí dóibh siúd atá ag iarraidh ioncam ar scor a chinntiú. Cruthaíonn sé deacrachtaí freisin dóibh siúd atá ar phleananna pinsin le sochair sainithe nach bhfuil meaitseáil déanta idir dliteanas na bpinsinéirí agus

bannaí. Ag an am céanna cuirfidh daonra atá ag dul aois brú ar chóras na bpinsean sna blianta atá romhainn amach. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh daoine atá ag infheistiú airgid i scéimeanna pinsin agus CCSPanna go bhfuil na scéimeanna sin á riaradh i mbealach atá gníomhach agus trédhearcach.

Agus muid ag iarraidh feabhas a chur ar fhoráil na bpinsean. tá ról an Údaráis an-tábhachtach i leasú agus i simpliú na scéimeanna pinsean, ag cinntiú go reáchtáiltear na scéimeanna seo go héifeachtach agus i gcur i láthair struchtúr riaracháin a chothaíonn muinín sa chóras i measc lucht coigilte.

### Tacaíocht don Údarás

Ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Jane Williams a bhí mar Chathaoirleach ar an Údarás ó mhí an Mheithimh 2010 go dtí mí na Nollag 2015. Le linn a téarma thug Jane ceannasaíocht láidir, sheasmhach, dhírithe le linn tréimhse a bhí corraitheach i gcúrsaí pinsin agus i gcúrsaí eacnamaíochta in Éirinn i gcoitinne. Tá caidreamh láidir ag an Údarás leis an Aire agus lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí. Is maith is eol dúinn a thábhachtaí is atá an caidreamh seo chun ár gcomhchuspóirí a chomhlíonadh. Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coiste Gnó an Údaráis, le baill an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta, agus le mo chuid comhghleacaithe san Údarás as a ndianobair, a saineolas agus a dtiomantas le linn na bliana.



Dr David Begg
Cathaoirleach



# RÁITEAS AN RIALTÓRA PINSEAN

**Ráiteas faoi Straitéis 2016 – 2020**

I Ráiteas faoi Straitéis 2016 – 2020 de chuid an Údaráis, a foilsíodh i mí an Mhárta 2016, leagtar amach ár bhfís, ár misean, ár luachanna agus ár n-aidhmeanna straitéiseacha do na cúig bliana atá romhainn amach. Tá an Ráiteas le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Mar is léir inár misean is é an chéad fheidhm atá againn ná comhlíonadh d'Acht na bpinsean a rialú agus a chinntiú. Tá róil thábhachtacha eile againn, áfach: treoir agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil na bpinsean maidir le cúrsaí comhlíonta; eolas intuigthe agus ábhartha a chur ar fáil don phobal; agus tacaíocht theicniúil chomh maith le comhairle a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí i dtaca le cúrsaí pinsean.



Seo mar a dhéanfaidh an tÚdarás sna cúig bliana amach romhainn:

- forbhreathnú sofheicthe, gníomhach ar phinsin cheirde agus CCSPanna – féachfaimid ar na torthaí agus ar láimhseáil na scéimeanna.
- dréimeanna soiléire a leagadh síos le haghaidh iontaobhaithe agus lucht gairmiúil a bhíonn ag déileáil le pinsin maidir le cur i gcrích a gcuid dualgas
- seirbhís iontaofa sho-aimsithe eolais agus treorach a chur ar fáil don phobal
- moltaí a chur chun cinn maidir le hathruithe do chóras na bpinsean

Beidh an próiseas pleanála bliantúil, na ráitis bhliantúla tairgthe agus na príomhtháscairí feidhmíochta ar fad de réir ráiteas seo na straitéise. Sna cúig bliana romhainn amach cuirfidh muid tuairiscí ar fáil maidir leis na príomhtháscairí agus na torthaí feidhmíochta seo i gcomhthéacs na gcuspóirí straitéiseacha.

**2011 – 2015 straitéis**

Chuir ár gcuid oibre in 2015 deireadh le tréimhse na straitéise don téarma 2011 – 2015. Cuireadh an straitéis sin i bhfeidhm nuair a bhí géarchéim eacnamaíochta náisiúnta agus dhomhanda ann, agus tá gníomhaíochtaí na bliana seo caite le léamh sa chomhthéacs sin. Féach Aguisín i torthaí rialacháin 2015.

Ba é príomhchúram an Údaráis slándáil agus inbhuanaitheacht na scéimeanna pinsean ceirde, go háirithe na scéimeanna a bhí in easnamh. Measadh ag an am go raibh thart ar 70% de na scéimeanna seo in easnamh agus nach raibh siad ar chaighdeán cuí cistiúcháin.

Is é príomhchúram an Údaráis forbhreathnú ar chomhlíonadh na n-aonán rialaithe agus a gcuid dualgas faoi Acht na bpinsean.

Le cúig bliana anuas tá méadú tagtha ar réimse agus ar ráta an chomhlíonachtáin agus forfheidhmithe. Chuathas i dteagmháil go díreach le hiontaobhaithe scéimeanna, rinneadh cigireachtaí ar láthair ar a gcuid riarthóirí cláraithe, agus leanfar ar aghaidh leis an gcur chuige seo sna blianta atá romhainn amach.

Ceann de thorthaí sainiúla na géarchéime eacnamaíochta ab ea tobthitim thionscal na tógála in Éirinn. Mar thoradh air seo bhí méadú suntasacht ar líon na gcásanna ina raibh ísliú nó neamhíoc na muirear pinsin i gcás fostóirí i rannóg na tógála. Thar thréimhse cúig bliana d'ionchúisigh an tÚdarás fostóirí sa chás gur cruthaíodh gur tharla a leithéid. I mórán cásanna cuireadh an t-airgead a fuarthas isteach i Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála.

Déantar athbhreithniú rialta ar ár gcuid gníomhaíochtaí géilliúlachta agus forfheidhmithe i gcás nach ndéantar géilliúlacht, agus chun go mbeidh muid dírithe ar na réimsí is tábhachtaí mar atá siad leagtha amach in ord na dtosaíochtaí riosca.

I mí na **Bealtaine 2014** tháinig an tÚdarás ar fhormáid nua chun tuairisciú a dhéanamh ar neamhíoc nó ísliú na muirear pinsin sa chás go raibh amhras faoina leithéid. Is é cuspóir an Údaráis fostaithe a bhfuil baint acu le scéimeanna pinsean ceirde, RACanna Iontaobhais agus CCSPanna a chosaint; agus chun géilliúlacht a chinntiú gan dul i muinín na gcúirteanna. É sin ráite, rachfar chun na cúirte más gá. Chun líomhaintí faoi neamhíoc nó ísliú na muirear pinsin, ní mór don Údarás cáipéisí cuí a bheith acu chun tacú leis na líomhaintí. Cabhraíonn an córas nua seo le comhsheasmhacht sa bhealach a chuirtear tuairiscí faoi bhráid an Údaráis. Is é neamhíoc nó ísliú na muirear pinsin an tosaíocht is mó atá againn agus is é is túisce a thabharfaidh muid faoi.

I mí **Eanáir 2010** bhí 70% de na pleananna pinsin le sochar sainithe (PSS) faoi bhun an chaighdeáin. Ó shin i leith tá deireadh tagtha le mórán de na scéimeanna seo, agus tá ardú ar na ranníocaíochtaí i gcás an chuid eile, agus na sochair íslithe go minic chomh maith. Ó 2010 i leith tá an tÚdarás i ndiaidh a bheith ag obair go dian ag scrúdú iarratas chun sochair a ísliú agus ar phleananna aisghabhála a fhaomhadh. Faoi dheireadh 2015 bhí breis agus 60% de na pleanna le sochar sainithe ar ais de réir caighdeáin. Ta an earnáil fós leochaileach, áfach. I Meán Fómhair 2015 thosaíomar ag bualadh go díreach le hiontaobhaithe na scéimeanna sin chun go mbeadh tuiscint níos fearr againn ar na scéimeanna aonair agus go bhféadfaidís siúd a gcuid buarthaí a léiriú dúinn.

I mí na **Bealtaine 2015** d'fhoilsigh an tÚdarás Treoirlínte ar Bhainistíocht Airgeadais le haghaidh na scéimeanna PSS. Sna treoirlínte seo tá dea-chleachtas d'iontaobhaithe leagtha amach, dar leis an Údarás, chun go dtuigfí bainistíocht, maoiniú agus infheistíocht na scéimeanna PSS. As seo amach, glacfar leis go mbeidh tuiscint ag na hiontaobhaithe ar an eolas atá leagtha amach sna treoirlínte seo.

Tá sonraí an-tábhachtach do rialtóir ar bith. I mí **Feabhra 2011** d'oscail an tÚdarás tairseach seirbhísí ar líne chun go bhféadfadh aonáin rialaithe a gcuid tuairisceán a dhéanamh go leictreonach. Tríd an gClár Sonraí Pinsean ar líne (CSP) is féidir le daoine scéimeanna nua a chlárú, sonraí na scéimeanna a leasú, eolas faoi na scéimeanna a uaslódáil, tuairisceáin bhliantúla achtúireacha le haghaidh scéimeanna PSS a chlárú, táillí scéime a íoc, agus mar sin de. Ó cuireadh tús leis i 2011 tá an CSP i ndiaidh breis agus milliún aighneachtaí a phróiseáil. Déanfar an tseirbhís ar líne seo a fhorbairt sna blianta atá romhainn amach.

Le cúig bliana anuas tá an tÚdarás i ndiaidh cur go mór le tacaíocht agus le seirbhísí eolais dóibh siúd atá bainteach le cúrsaí pinsean, agus tá réimse mór treoracha dlíthiúla agus ginearálta curtha ar fáil. I mí **Feabhra 2013** chuir an tÚdarás rannóg úr saolré lena suíomh gréasáin dar teideal 'Tuiscint ar do Phinsean'. Sa tsaoráid inchuardaithe seo is féidir le tomhaltóir agus le baill scéimeanna pinsean a gcuid cúinsí féin a roghnú agus teacht ar eolas ábhartha ar an staid ina bhfuil siad sa saolré pinsean. **I Meán Fómhair 2014** d'fhoilsigh an chéad cheann dá gcuid cáipéisí eiseamláireacha le haghaidh iontaobhaithe agus riarthóirí scéimeanna.. Foilsíodh tuilleadh acu le linn 2015. I **Márta 2015** d'fhoilsigh an tÚdarás an chéad tacar staitisticí le haghaidh scéimeanna PSS a bhí bunaithe ar anailís ó Thuairisceáin Sonraí Achtúireacha. Tá siad curtha ar fáil chun cabhrú le tuiscint ghinearálta ar na scéimeanna PSS agus tá sé i gceist againn iad a fhoilsiú gach bliain as seo amach.

Cuireadh dualgas traenála ar iontaobhaithe den chéad uair i Feabhra 2010. Ní mór d'iontaobhaithe dul faoi thraenáil taobh istigh de shé mhí ón am a cheaptar iad, agus gach dhá bhliain, ar a laghad, ina dhiaidh sin. Ní miste dóibh a gcuid traenála mar iontaobhaithe a chlárú faoi fhorálacha Acht na bpinsean. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh na traenála seo ar bhonn leanúnach. I Meán Fómhair 2015 rinneadh comhchomhairle ar cháilíochtaí iontaobhaithe mar chuid de phróiseas leanúnach athleasaithe ar cuireadh tús leis in 2013.

I mí na Nollag 2011 chuir an tÚdarás tús le comhchomhairle phoiblí chun smaointe a bhailiú ó iontaobhaithe, comhairleoirí, baill de scéimeanna pinsean, fostóirí, tionscal na bpinsean agus tomhaltóirí i gcoitinne ar bhealaí chun scéim na bpinsean a shimpliú. **I Lúnasa 2013** d'fhoilsigh an tÚdarás páipéar comhchomhairle ar PSS mar chuid d'athbhreithniú ar rialú agus struchtúr fhoráil PSS sa todhchaí.

### Pleananna an Údaráis do 2016

Sna blianta atá le teacht leanfaidh an tÚdarás le clár teagmhála le hiontaobhaithe na scéimeanna PSS. Beifear ag dul i gcomhairle leo faoin gcaoi a ndéanann siad bainistíocht ar na scéimeanna agus a gcuid dualgas rialachais. Beidh na treoracha ar bhainistíocht airgeadais na scéimeanna PSS mar bhunús leis na cainteanna seo. Ar an gcaoi chéanna beidh an Cód Rialachais le haghaidh scéimeanna PSS mar bhunús le haghaidh cainteanna leanúnacha le hiontaobhaithe na scéimeanna sin.

I measc na bpleananna sainiúla do 2016 tá:

- clár ilchineálach gníomhaíochtaí comhlíonta. Mar chuid de seo beidh cigireachtaí ar láthair ar riarthóirí, athbhreithní u ar chomhlíonadh CCSP, go háirithe i réimse tuairiscithe achtúireacha, iniúchta comhlíonadh deisce agus seiceáil ar fhoráil fostóirí ar rochtain pinsean.
- réiteach ar an líon beag scéimeanna PSS nach bhfuil maoiniú socraithe dóibh fós. Is féidir go ndúnfar cuid de na scéimeanna.
- méadú suntasach ar chlár teagmhála le hiontaobhaithe na scéimeanna PSS
- treoir bhreise curtha ar fáil d'iontaobhaithe; cóid bhreise chleachtais d'iontaobhaithe scéimeanna agus cáipéisí eiseamláireacha
- an suíomh gréasáin a thabhairt cothrom le dáta chun nascleanúint a fheabhsú agus é a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir
- moltaí i leith leasú na bpinsean a fhorbairt le cur faoi bhráid DSP


### Éifeachtacht Eagraíochtúil

Faigheann an tÚdarás maoiniú ó tháillí a ghearrtar ar scéimeanna pinsean ceirde agus ó tháirgí CCSP amháin. Is maith is eol dúinn ár gcuid dualgas mar chomhlacht poiblí le bheith éifeachtach agus ábhartha. Déanann baill an Údaráis maoirseacht ar an bhfeidhmeannas i gcomhthéacs chuspóirí na heagraíochta agus na n-aidhmeanna bliantúla. Le tacaíocht ón gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta déanann siad maoirseacht ar bhainistíocht riosca agus airgeadais na heagraíochta, agus monatóireacht leanúnach ar ábharthacht agus cháilíocht ár ngníomhartha.

Bíonn teagmháil rialta ag an Údarás le páirtithe leasmhara, ina measc:

- iontaobhaithe, baill na scéimeanna, tionscal na bpinsean, an pobal, ceardchumainn agus fostóirí, tríd ár seirbhís fiosrúcháin agus trí chomhchomhairle phoiblí
- bainistíocht shinsearach na Roinne Coimirce Sóisialaí, na Roinne Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tríd ár ngníomhaíocht chomhairle ar pholasaí
- páirtithe leasmhara seachtracha tríd ár seisiúin faisnéise le heagraíochtaí ar nós: Cumann Cistí Pinsin na hÉireann, Cumann Achtúirí na hÉireann, Cumann an nDlíodóirí Pinsin, Árachas Éireann, agus cumainn eile san earnáil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann an Údaráis as an dianobair le linn 2015. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin do bhaill an Údaráis, agus go háirithe do Jane Williams as a tacaíocht, dúshlán agus comhairle le linn a téarma mar Chathaoirleach. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis an gCathaoirleach nua David Begg agus baill an Údaráis agus muid ag cur pleananna straitéiseacha an Údaráis 2016 – 2020 i gcrích.



**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean

# AN TÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus beirt ghnáth-chomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad baill an Údaráis Pinsean:



**Dr David Begg**
Cathaoirleach



**Ms Anne Vaughan**
Leas-Rúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(Ionadaí don Aire Coimirce Sóisialaí)



**Ms Ann Nolan**
An Dara Rúnaí
An Roinn Airgeadais
(Ionadaí don Aire Airgeadais)

Ceapadh an Dr David Begg mar Chathaoirleach ar an Údarás Pinsean ar feadh tréimhse cúig bliana i mí Eanáir 2016.

Bhí Jane Williams, Comhpháirtí Bainistíochta, Sia Partners, ina Cathaoirleacht ar an Údarás Pinsean ó mhí an Mheithimh 2010 go dtí mi na Nollag 2015.

Bhí gach ball den Údarás i láthair ag na seacht gcruinniú a tionóladh le linn 2015.

Seo mar atá struchtúr An Údaráis Pinsean:




**Brendan Kennedy**
An Rialtóir Pinsean



**Tom Dunphy**
Ceann an Aonaid um Chomhlíonadh



**Andrew Nugent**
Leascheann an Aonaid um Chomhlíonadh



**Pat O'Sullivan**
Ceann an Aonaid um Maoiniú agus Achtúireacht



**Mary Hutch**
Ceann an Aonaid um Polasaí



**Grace Guy**
Ceann an Aonaid um an Dlí
(Rúnaí an Údaráis)



**Niamh Drew**
Ceann an Aonaid um Sheirbhísí Corparáideacha



**Cheryl Richardson**
Ceann an Aonaid um Anailís ar Shonraí



**David Malone**
Ceann an Aonaid um Oibriúcháin agus Cumarsáid

Tá ainmneacha bhaill na foirne reatha le fáil ar ár suíomh gréasáin www.antudaraspinsean.ie

# CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAINT AMACH

Is é príomhchuspóir an Údaráis tacú le timpeallacht inbhuanaithe pinsean ina mbeidh coigilteas pinsin sábháilte, a mbeidh bainistíocht mhaith air, go mbeidh sé intuigthe agus go spreagfar daoine chúng coigilteas pinsin a dhéanamh.

Tá sé i gceist ag an Údarás an méid seo a bhaint amach ach:

1. muinín an phobail a chothú trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéimeanna pinsin agus na CCSPanna

2. tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe na scéimeanna pinsin, agus don ghnáthphobal, trí threoir agus faisnéis a chur ar fáil

3. sainchomhairle a chur ar an Aire Coimirce Sóisialaí chun cabhrú leis agus é i mbun polasaithe a chur le chéile

Leis na cuspóirí seo a chomhlíonadh agus leis an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Údarás, ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar an eagraíocht a rith ar bhealach atá idir éifeachtúil agus éifeachtach.

### Leas na mball a chosaint trí rialáil éifeachtach

Is de réir na dtosaíochtaí riosca a shocraítear obair rialála an Údaráis, rud a chinntíonn go ndírítear ar na sáruithe siúd a d'fhéadfadh a bheith ní ba thromchúisí. Is iad seo a leanas tosaíochtaí riosca an Údaráis:

1ú tosaíocht: mí-leithghabháil á déanamh ar shócmhainní nó ar ranníocaíochtaí

2ú tosaíocht: easpa rialachais nó míriarachán a mbeidh sé de thoradh air nach n-íoctar sochair nuair is cuí

3ú tosaíocht: sócmhainneacht scéimeanna PSS

4ú tosaíocht: easpa faisnéise á cur ar fáil do bhaill

5ú tosaíocht: aonáin rialaithe gan sonraí cuí tráthúla a chur faoi bhráid an Údaráis

Tá na rioscaí seo in ord tromchúise seachas in ord dóchúlachta. Is iad na tosaíochtaí seo a chinnfidh gníomhaíochtaí rialacháin an Údaráis, ach cinnteoidh muid nach ndéanfar faillí i réimse ar bith. Toisc go bhraitheann rialúchán ar an Údarás a bheith in ann teacht ar fhaisnéis iontaofa, beidh muid sa tóir go háirithe orthu siúd nach gcuireann faisnéis ar fáil dúinn mar is cóir dóibh faoi fhorálacha Acht na bpinsean, dualgais sceithirí san áireamh.

## Gníomhaíocht Rialála in 2015

### Tuairisciú éigeantach agus deonach/sceithireacht

Is ann d'fhorálacha dlíthiúla, a dtugtar dualgais sceithireachta orthu, a leagann dualgas dlíthiúil ar dhaoine a bhfuil baint acu le feidhmiú scéimeanna pinsean ceirde, RACanna Iontaobhais agus CCSPanna, a chur ar a shúile don Údarás má cheaptar go bhfuil mí-leithghabháil ar siúl nó gur dócha go dtarlóidh sé. Is féidir tuairisciú deonach a dhéanamh ag am ar bith faoi rud ar bith a bhaineann le staid nó le hiompraíocht scéime ar bith, RACanna Iontaobhais nó CCSPanna. Cabhraíonn tuairisciú mar seo go mór le hiarrachtaí maoirseachta an Údaráis. Tá cosaint faoin dlí ar fáil do dhaoine a dhéanann tuairisciú den chineál seo.

Fiosraíonn an tÚdarás tuairiscí sceithireachta agus líomhaintí tromchúiseacha de gach sórt. Déanann an tÚdarás iarracht gach líomhain a fhiosrú ar dtús gan dul i muinín an dlí, ach sa chás gur gá, ní staonfar ó chúrsaí dlí agus bainfidh an tÚdarás leas as a chuid cumhachtaí uile faoi Acht na bPinsean. Baineann mórchuid na dtuairiscí a chuirtear faoi bhráid an Údaráis le líomhaintí maidir le ranníocaíochtaí gan a bheith íoctha le hiontaobhaithe scéime nó le daoine atá ag feidhmiú ar a son, de réir achar ama atá leagtha síos sa dlí.

### Fiosrúcháin

Osclaíodh 45 fiosrúchán nua ar líomhaintí éagsúla maidir le sáruithe ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist sna líomhaintí seo, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a íoc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis. Dúnadh 66 chás agus cuireadh 18gcás ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh.

### Riarthóirí Cláraithe (RCanna)

Measann an tÚdarás leibhéil chomhlíonta le hAcht na bPinsean trí phróiseas teagmhála le haonáin rialaithe lena soláthróirí riaraithe. Ó 2012 tá cigireachtaí ar láthair ar RCanna ar siúl ag an Údarás mar chuid den phróiseas seo.

D'fhéadfadh drochriaradh agus droch-leabharchoimeád a bheith mar chúiseanna nach bhfaigheadh baill na sochair a bhfuil siad i dteideal iad a fháil, agus b'fhéidir nach mbeidís ar an eolas faoi seo. Tá an-tábhacht mar sin ag baint le maoirseacht an Údaráis ar RAanna.

Rinne an tÚdarás ceithre iniúchadh ar an láthair ar Rcanna. Fuarthas amach go raibh leibhéal an chomhlíonta go maith agus níos fearr ná mar a bhí an bhliain roimhe sin. Tá feabhas tagtha ar chaighdeáin riaracháin ó cuireadh tús leis na cigireachtaí seo in 2010. Is léir, mar sin, fiúntas na hoibre seo, agus tá sé i gceist ag an Údarás leanúint ar aghaidh leis an teagmháil dhíreach amach anseo.

Díríodh ar mhaoirseacht ar riarachán scéimeanna ar bhonn níos leithne, agus ar an chaoi a ndéanann iontaobhaithe na scéimeanna a bhainistiú i 2015. Roghnaíodh iontaobhaithe cúig scéim le go ndéanfar athbhreithniú ar a maoirseacht ar a gcuid scéimeanna.

### Cigireachtaí agus Cruinnithe

Bhí 60 cruinniú ag an Údarás le linn na bliana le hiontaobhaithe, soláthróirí pinsean agus riarthóirí seirbhíse poiblí le réimse ceisteanna comhlíonta a phlé. Reáchtáiltear na cruinnithe seo in áitreabh an Údaráis agus cuireann siad ardán ar fáil le go ndéantar plé ar réimse leathan ceisteanna comhlíonta a bhaineann le hAcht na bPinsean. Aithnítear atá ina gcúiseanna buartha don Údarás agus leagtar síos amscála le teacht ar réiteach a mbeidh an tÚdarás sásta leis. Má bhíonn cásanna níos tromchúisí ann atá ag dul ar aghaidh ar feadh tamaill, déanfaidh an tÚdarás machnamh ar smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Acht na bPinsean.

### Iniúchtaí agus Athbhreithnithe ar Scéimeanna Pinsean

Tá an tÚdarás ag leanúint le hiniúchtaí ar bhonn leanúnach ar leithéidí: Athbhreithnithe ar Riarachán Scéimeanna; Iniúchtaí ar Shochair dhlite; Iniúchtaí ar Asbhaint agus Mí-leithghabháil; Iniúchtaí ar Fhaisnéisiú; Iniúchtaí ar Ghníomhaíocht i leith Mionsáruithe; Iniúchtaí ar Chomlachtaí ar Scor; Iniúchtaí ar Scéimeanna Calctha.

Rinneadh iniúchadh ar 225 scéim i leith comhlíonta de réir fhoráil dhlíthiúil ar leith, mar shampla forálacha a bhaineann le nochtadh i gcás roghanna a bhaineann le seirbhís a fhágáil agus sonraí a chur ar fáil.

Bailítear eolas faoi na gníomhaíochtaí iniúchta seo ar fad isteach i gclár comhlíonta an Údaráis, agus cabhraíonn sé go mór le scéimeanna ar leith a aithint le haghaidh athbhreithnithe agus cigireachta.

### Ionchúisimh

Tugadh 37 gcás chun críche in 2015. D'éirigh leis an Údarás ciontuithe a bhaint amach i gcás 22 chás. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí i gceithre chás eile agus scriosadh amach deich gcás eile ós rud é gur íocadh na riaráistí a bhí amuigh. Cuireadh críoch le hachomharc amháin sa Chúirt Dúiche. San iomlán gearradh fíneáilte de €38,890.

Seo mar a bhí na ciontuithe sna 22 chás:

- Bhain ceithre chás déag le hasbhaint agus mí-leithghabháil ranníocaíochtaí pinsean de chuid fostaithe i scéimeanna (Alt 58A)
- Bhain ceithre chás le mí-leithghabháil ranníocaíochtaí pinsean de chuid fostóirí mar atá dlite faoin scéim (Alt 58A(2))
- Bhain ceithre chás le heaspa freagra ar iarratas ón Údarás le haghaidh faisnéise (Alt 18)

Bhain na cásanna a ndearnadh ionchúiseamh orthu i gcoitinne le asbhaint agus mí-leithghabháil ranníocaíochtaí ó fhostóirí in earnáil na tógála le Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (SPOT). Bhí méadú arís i mbliana i líon na n-ionchúiseamh a d'eascair as tuairiscí ó sceithirí agus mar a bhain le hasbhaint ranníocaíochtaí CSSP. Ciontaíodh ochtar dá bharr seo in 2015 agus tá trí chás eile tógtha ar aghaidh go dtí 2016.

Ag deireadh na bliana bhí barántas binse ann i leith stiúrthóir nár tháinig os comhair na cúirte de thoradh ar thoghairm.Tá dhá chás faoi achomharc agus tá siad le héisteach sa Chúirt Chuarda in 2016.

Le linn 2015 d'eisigh an tÚdarás fíneálta arbh fhiú €18,000 iad. Cuireadh na fíneálta a íocadh leis an Údarás ar aghaidh chuig an státchiste.Gearradh na féineált seo ar iontaobhaithe mar nár thug siad freagra ar iarratas a rinne an tÚdarás de réir Alt 54(4)(c).

### Aistriú Iontaobhaithe/Urghaire

I mí Eanáir 2015 fuair an tÚdarás tuairisc ó sceithire i dtaca le hoibriúchán airgeadais comhlacht riarachán pinsean agus comhlacht iontaobhaithe a bhí ag feidhmiú mar iontaobhaí thar ceann breis agus 180 scéim. Mar thoradh ar fhiosrú an Údaráis ar an gceist aithníodh neamhrialtachtaí. Chun leas bhaill na scéime a chosaint d'iarr an tÚdarás ar an Ardchúirt urghaire a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh an t-iontaobhaí acmhainní scéime ar bith a bhí faoin smacht a chur de láimh. Taobh istigh de choicís ón am a fuarthas an t-urghaire bhí fiosrúchán an Údaráis críochnaithe agus bhí an fhianaise ar fada bhain leis an gcás bailithe.

Chruthaigh gníomhú gasta an Údaráis ní hamháin gur baineadh an-chuid airgid amach as cuntais na gcliant gan chead, ach cinntíodh gur tugadh an t-airgead a bhí in easnamh ar ais chuig na scéimeanna.

Chomh maith leis seo, ar 3 Feabhra 2015 fuair an tÚdarás ordú ón Ardchúirt chun an comhlacht a bhain mar iontaobhaí de gach scéim a raibh sé ag feidhmiú thar a gceann. Moladh iontaobhaí

le cur ina áit agus ghlac an chúirt leis. Ba é seo an chéad uair a bhain an tÚdarás feidhm as a chumhacht le duine a bhaine mar iontaobhaí agus duine eile a cheapadh.

## Maoiniú agus Achtúireacht

Faoi 31 Nollaig 2015 bhí 715 scéim SD faoin chaighdeán maoinithe agus bhí 60% de na scéimeanna sin i gcomhall leis an gcaighdeán. Tá gach ceann seachas naoi gcinn den fhuílleach i ndiaidh aontú ar `thograí maoinithe chun iad a thabhairt i gcomhlíonadh leis an gcaighdeán. Beidh an tÚdarás ag dul i gcomhairle le hiontaobhaithe na naoi gcinn atá fágtha in 2016 chun comhlíonadh leis an gcaighdeán a chinntiú. I gcásanna eisceachtúla ní bheidh ar an Údarás treoir a thabhairt do na hiontaobhaithe an scéim a fhoirceannadh.

Le linn 2015 fuair an tÚdarás 13 thogra maoinithe ó scéimeanna SD . Luaigh an tÚdarás dáta ní b'fhaide anonn i gcás gach ceann acu. Fuair an tÚdarás 13 thogra chomh maith chun sochair fhabhraithe a laghdú ó scéimeanna SD, agus d'fhaomh an tÚdarás iad ar fad.

Tá beagnach gach scéim SD dúnta d'iarrthóirí nua anois agus tá mionlach suntasach díobh anois dúnta le haghaidh fabhrú sochair bhreise. Agus é sin ráite, baineann dliteanas €60 billiún leis na scéimeanna seo agus mar sin tá bainistíocht na scéimeanna céanna an-tábhachtach. Is cúis bhuartha dúinn i gcónaí bainistíocht riosca agus airgeadais na scéimeanna seo. Má tá scéim de réir an chaighdeáin, ní hionann sin is a rá go bhfuil an scéim in ann a gcuid sochar a íoc.

## Tacaíocht, faisnéis agus treoir

Aithníonn an tÚdarás gur cóir tacaíocht, faisnéis agus treoir a bheith curtha ar fáil chun an obair rialúcháin agus forfheidhmithe a chur i gcrích, agus gur cóir go dtuigfeadh daoine a bhfuil baint acu le bainistíocht pinsean, mar shampla iontaobhaithe, riarthóirí, fostóirí agus comhairleoirí a gcuid dualgas agus conas iad a chomhlíonadh.

I 2015 láimhseáil an tÚdarás 10,000 fiosrú. Tá eolas agus treoir curtha ar fáil againn ar ár suíomh gréasáin agus déantar é a uasdátú agus a leasú go rialta de réir mar a athraíonn dlíthe agus rialacha i leith na bpinsean.

Seo mar a rinne an tÚdarás le linn 2015:

- I mí an Mhárta d'fhoilsigh an tÚdarás staitisticí i leith scéimeanna SD a bailíodh ó anailís ar Thuairisceáin Bhliantúla Sonraí Achtúireacha (TBSA).
- I mí na Bealtaine foilsíodh treoracha bainistíochta airgeadais le haghaidh scéimeanna SD.
- I mí Mheán Fómhair iarraidh tograí le haghaidh comhchomhairle ar cheist cháilíochtaí iontaobhaithe.
- I nDeireadh Fómhair foilsíodh achoimre ar phríomhphointí a rinneadh i dtograí a fuarthas mar fhreagra ar pháipéar comhchomhairle faoi dhréacht-chóid rialúcháin le haghaidh scéimeanna SD.
- I mí na Samhna foilsíodh foclaíocht leasaithe d'Alt 222 de na nótaí treoir ar na Forálacha Pinsean den Dlí Teaghlaigh 1995, An Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996 agus An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010.
- I mí na Nollag foilsíodh achoimre ar na príomhphointí a rinneadh i dtograí a fuarthas mar fhreagra ar a pháipéar comhchomhairle ar cháilíochtaí iontaobhaithe.

I gcaitheamh na bliana bíonn an tÚdarás i láthair ag ócáidí poiblí ar fud na tíre. Cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil freisin ar ghnéithe de phinsin do réimse leathan páirtithe leasmhara agus na meáin chumarsáide. Déileálann an tÚdarás freisin le fiosruithe ó na meáin agus lorgaíonn sé deiseanna chun plé poiblí a spreagadh i leith ceisteanna pinsean.

### Cinntithe

Faoi Acht na bPinsean, is féidir leis an Údarás cinntithe dlíthiúla a dhéanamh, i gcúinsí áirithe, ar iarratas ó pháirtithe éagsúla. Éascaíonn na cinntithe seo obair iontaobhaithe scéimeanna agus iad ag aistriú sochar de chuid ball iarchurtha. In 2015 rinne an tÚdarás sé chinneadh mar sin.

### Iontaobhaithe a Cheapadh

Faoi Acht na bPinsean, is féidir leis an Údarás, i gcúinsí áirithe, iontaobhaithe nua a cheapadh sa chás nach bhfuil iontaobhaithe ann nó sa chás nach féidir teacht orthu. In 2015 cheap an tÚdarás iontaobhaí nua do thrí scéim pinsean ceirde.

### Saoráil Faisnéise

Cuireadh sé iarratas faoi Shaoráil Faisnéise chuig an Údarás le linn 2015 agus dhá iarratas ar athbhreithniú inmheánach. Freagraíodh na hiarratais taobh istigh den achar ama a bhí ceadaithe de réir dlí.

### Cáipéisí Eiseamláireacha i leith Nochtadh Faisnéise

Ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh d'fhoilsigh an tÚdarás cáipéisí eiseamláireacha i leith fhorálacha a bhain le nochtadh faisnéise.

Is é an cuspóir a bhaineann leis na cáipéisí seo ná le soiléiriú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhíonn le nochtadh chuig baill scéimeanna faoin na Rialacháin Nochta.

Faoi seo tá na cáipéisí eiseamláireacha i leith nochtadh fianaise seo a leanas foilsithe:

- ráiteas bliantúil ar shochair (ráiteas ar réamh-mheastachán réasúnta san áireamh) le haghaidh scéime RD
- ráiteas bliantúil ar shochair le haghaidh scéime SD
- litir faoi roghanna ar sheirbhís a fhágáil le haghaidh scéime RD
- litir faoi roghanna ar sheirbhís a fhágáil le haghaidh scéime SD
- litir faoi roghanna ar scor ón obair le haghaidh scéime RD
- litir faoi roghanna ar scor ón obair le haghaidh scéime SD
- Ráiteas ar réamh-mheastachán réasúnta

Tá sé i gceist ag an Údarás ráiteas eiseamláireach faoi phrionsabail polasaí i leith infheistíochta don dá chineál scéime a fhoilsiú in 2016.

## Comhairle ar pholasaithe

Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus cuireann an Coiste Gnó tacaíocht theicniúil ar fáil maidir le cúrsaí pinsin don Roinn agus don Rialtas i gcoitinne. Is féidir gurb é a Roinn a iarrann an chomhairle nó an tÚdarás a mholann í. Cuireann taithí an Údaráis i leith a ghníomhaíochtaí rialacháin agus a mhonatóireacht agus anailís ar threochtaí in earnáil na bpinsean go mór leis an obair seo.

I measc ghníomhaíochtaí an Údaráis in 2015 bhí:

- Moltaí a dhéanamh maidir le hathchóiriú na bpinsean le ranníocaíocht shainithe agus le simpliú chóras na bpinsean i bhfianaise an chomhairliúcháin ar phinsin le ranníocaíocht shainithe amach anseo a eagraíodh in 2013. Eagraíodh comhchomhairlí breise ar cheisteanna cóid rialacháin do scéimeanna RD agus cáilíochtaí iontaobhaithe i mBealtaine agus i Meán Fómhair 2015 faoi seach.
- In Eanáir 2015 d'fhaomh an Rialtas bunú grúpa oibre idir-rannaigh le moltaí a dhéanamh ar cheist chóras uilíoch na bpinsean. Tá an tÚdarás páirteach sa ghrúpa oibre seo agus tá sé ag cabhrú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí tacú le saothar an ghrúpa freisin. Is é ról níos leithne an Ghrúpa Uilíoch ar Choigilteas Scoir ná breathnú ar na tosca a chinnfidh córas éifeachtach coigilteas scoir agus moltaí a thabhairt chun cinn maidir le hamscála. Tá an Rialtóir Pinsean ina bhall den ghrúpa seo mar aon le hionadaithe ó ranna Rialtais eile. Tacaíonn an tÚdarás go hiomlán leis an obair seo agus lena tabhairt chun críche. Tabharfaidh an grúpa faoi deara moltaí agus tograí eile i réimse na bpinsean; ina measc beidh torthaí chomhchomhairle an Údaráis ar thodhchaí RD agus an obair atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar shimpliú na bpinsean.

### Tacaíocht Theicniúil

Cuireann an tÚdarás tacaíocht agus comhairle theicniúil ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn leanúnach. Rinne an tÚdarás é seo i 2015 mar a bhain le cúrsaí éagsúla. Go háirithe, chabhraigh an tÚdarás go mór leis an Roinn trí chomhairle faoi impleachtaí agus riachtanais teicniúla an dréacht-thogra IORP II.

# COISTÍ AN ÚDARÁIS

Chun dul le cuspóirí na straitéise tá roinnt coistí curtha ar bun ag an Údarás.

### An Grúpa Athbhreithnithe Rialála (GAR) (a tháinig le chéile naoi n-uaire le linn 2015)

Tá roinnt feidhmeanna rialála faoi Acht na bPinsean tarmligthe ag an Údarás chuig an Rialtóir Pinsean. Chun maoirseacht ó thaobh na rialála de a choimeád ar na feidhmeanna sin, éilítear ar an Rialtóir Pinsean dul i ndáil chomhairle leis an nGrúpa Athbhreithnithe Rialála i gcásanna áirithe sular ceadmhach dó feidhm rialála arna tarmligean a fheidhmiú.

Tá i gceist le saothar an Ghrúpa Athbhreithnithe Rialála ná plé ar chásanna áirithe d'fhonn cur ar chumas an Rialtóra Pinsean cinntí rialála a dhéanamh, smachtbhannaí a chur, nó imeachtaí dlí a chur ar cois i gcásanna áirithe. I measc na gcásanna ina gcaithfear dul i ndáil chomhairle leis an nGrúpa Athbhreithnithe Rialála tá: ceadú tograí maoinithe agus laghduithe ar shochair de bhun alt 50, treoracha aontaobhacha le sochair a laghdú de bhun alt 50 nó foirceannadh scéime, eisiúint fíneálacha ar an láthair, cinntí ar cibé acu ba chóir nó nár chóir dul chun dlí, cinntí le diúltú d'iarratas clárúcháin nó athnuachana Rialtóra Cláraithe, agus úsáid bheartaithe aon cheann de chumhachtaí an Údaráis a gcaithfear iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt ina leith.

### Baill an Ghrúpa Athbhreithnithe Rialála

- David Begg
- Anne Vaughan
- Ann Nolan
- Brendan Kennedy
- Grace Guy

### An Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta (a tháinig le chéile sé huaire le linn 2014)

Déanann an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta maoirseacht thar ceann an Údaráis ar an gcaoi a gcomhlíonann an eagraíocht na dualgais rialála atá uirthi mar chomhlacht Stáit, agus tugann sé tuairiscí don Údarás ina leith sin. Áirítear leis an obair seo monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar chórais rialachais chorparáidigh an Údaráis.

Déanann an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta iniúchtaí inmheánacha a choimisiúnú go rialta agus déanann sé athbhreithniú orthu trí sheirbhís sheachtrach iniúchóireachta.

In 2014 chuimsigh clár iniúchóireachta inmheánaí an Choiste athbhreithniú ar phleananna agus nósanna imeachta chun comhlíonadh le scéimeanna a chinntiú; athbhreithniú ar chórais agus rialúcháin chun forálacha Chód Cleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh, agus reachtaíocht/rialúcháin seachtracha ábhartha eile; agus athbhreithniú ar éifeacht chóras smachta ar airgeadas inmheánach. Toradh dearfach a bhí ar na hathbhreithnithe seo agus níor thángthas aon ábhair ab údar imní chun solais dá mbarr.

### Baill an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta

- Naomi Holland (Cathaoirleach)
- Eilis Hamilton (an Roinn Coimirce Sóisialaí – Rannóg Straitéisí Íocaíochta)
- John Palmer (An Roinn Airgeadais – Rannóg Polasaí Buiséadach)
- Michael Roche (ceapadh mí na Nollag 2015 )
- Jane Williams (go dtí mí na Nollag 2015)

# EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH A RITH

Tá sé de rún ag an Údarás a bheith éifeachtach, tionscantach agus aitheanta mar eagraíocht a ghlacann páirt iomlán tábhachtach i bhforbairt geilleagar eolasbhunaithe.

Mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú i ngeilleagar atá ag forbairt, is dúshlán dúinn é ár gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus muid ag feidhmiú faoi smacht. Bíonn ar gcuid polasaithe agus nósanna imeachta i gcónaí faoi athbhreithniú againn i dtaca le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca.

## Acmhainní Daonna

Cuireann an tÚdarás timpeallacht dearfach oibre chun cinn trí chleachtais acmhainní daonna atá éifeachtach. Cabhraíonn na cleachtais seo go mór le hearcaíocht agus le coinneáil fostaithe a bhfuil cáilíochta arda agus taithí fhada acu, daoine a chuireann le misean agus le fís an Údaráis. Déantar sainaithint ar riachtanais bainistíochta feidhmíochta agus oiliúna agus forbartha, ar leibhéil na heagraíochta agus an duine aonair araon, trí Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta an Údaráis. Cuirtear traenáil ar fáil d'fhostaithe agus bhain baill den fhoireann cáilíochtaí breise amach in 2015.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomanta do thacú le sláinte agus sábháilteacht na mball foirne dá chuid agus d'áit oibre atá slán sábháilte a chur ar fáil. Comhlíonann an tÚdarás dlí na Sláinte agus Sábháilteachta agus tá polasaithe sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm aige a ndéantar athbhreithniú orthu go rialta. Le linn 2015 rinneadh athbhreithniú ar na cleachtais sláinte agus sláinteachais agus eagraíodh clár traenála.

## Úsáid Fuinnimh

In 2015 b'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás agus 128,464 cileavatuair leictreachais.

## Íocaíochtaí Prasa

Feidhmíonn an tÚdarás polasaí íocaíochta 15 lá. Cuirtear tuairiscí ráithiúla um íocaíochtaí prasa faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus cuirtear suas ar ár láithreán gréasáin iad chomh maith.

# NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ........ 14

Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis ........ 15

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais ........ 16

Ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchiste ioncaim coinnithe ........ 17

Ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach ........ 18

Ráiteas maidir le staid airgeadais ........ 19

Ráiteas maidir le sreafaí airgid ........ 20

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ........ 21

# TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

### An tÚdarás Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir Acht na bPinsean, 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus na nótaí bainteacha. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 22 den Acht agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach, cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.



### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí bhaintigh. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Údaráis um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise dhóthanach a bhailiú le tacú leis na suimeanna atá luaite agus leis na nithe atá nochta sna ráitis airgeadais chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais sin saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu a bhí calaois nó feall ina gcúis leis an míshonrú áirithe sin. Cuimsíonn sé seo measúnú ar:

- cibé acu a bhí nó nach raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chás an Údaráis, a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus a nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis le sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanfaidh mé na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údaráis le sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanfaidh mé na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais:

- léargas fírinneach, cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail ar an 31 Nollaig 2015 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.
- choimeád an tÚdarás leabhair iomchuí chuntas. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

I mo thuairim tá comhaid chuntasaíocht an Údaráis Pinsean sách cruinn le go ligfear dom a rá go bhfuil siad iniúchta i gceart agus go cothrom. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na comhaid chuntasaíochta.

### Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó:

- gur thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an Údarás, nó
- go dtugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam ar na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.



Patricia Sheehan
In áit agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2016

# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Éilítear ar an Údarás le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh shlán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá sé de dhualgas ar an Údarás leabhair chuí chuntais a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Ina theannta sin, tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



David Begg
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Aithním, thar ceann an Údaráis, go bhfuil de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

## Príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá bearta déanta ag an Údarás d'fhonn timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach:

- trí na freagrachtaí bainistíochta a leagan amach go soiléir
- trí nósanna imeachta tuairiscithe a chur i bhfeidhm d'fhonn teipeanna suntasacha a rialú agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí
- trí Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta tiomnaithe a chur ar bun
- trí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir feidhmeanna an Údaráis agus feidhmeanna an Choiste Gnó
- trí Chód Iompair a fhoilsiú do chomhaltaí an Údaráis agus d'fhoireann an Údaráis
- trí iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- trí nádúr, méid agus impleacht fhéideartha na rioscaí atá mar bhaol don Údarás a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha
- trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta
- trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis rioscaí a bhainistiú agus na rioscaí a tharlóidh a mhaolú
- trí na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear amach mar thoradh orthu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um eolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a dheighilt, agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a chuimsíonn buiséad bliantúil, a ndéantar athbhreithniú air agus a bhíonn comhaontaithe ag an Údarás
- athbhreithnithe rialta ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta agus ag an Údarás ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht iarbhír airgeadais os coinne meastachán
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí, a cuireadh i bhfeidhm in 2003, ós rud é go gcoinníonn sé an tÚdarás ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an comhlacht neamhchosanta ina leith bonn eolais faoi obair an fheidhmeannais agus cuireadh cleachtadh iomlán anailíse riosca i gcrích dá réir sin.

Tacaíonn an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta leis an anailís riosca agus leis na pleananna iniúchóireachta inmheánaí, agus faomhann an tÚdarás iad.

Rinne an tÚdarás, trí obair an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta a leanann ar aghaidh, monatóireacht ar obair an Choiste Gnó ó thaobh an rialuithe airgeadais de sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015. Chuir an Coiste na rudaí seo a leanas faoi chaibidil:

- cuntais bhainistíochta, idir rialta agus/nó thréimhsiúil, don bhliain 2015, ina raibh anailís déanta agus míniú tugtha ar aon imeacht suntasach ón mbuiséad
- clár na rioscaí agus próiseas bhainistíocht na rioscaí
- táillí scéimeanna pinsin ceirde agus cuntais coigiltis scoir phearsanta
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais don bhliain 2016
- tuairiscí iniúchta inmheánaigh

## Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaím go ndearna an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015.

**David Begg**
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2016

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM COINNITHE

| don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2015 | 2014 Athshonraithe |
| | Nótaí | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde | | 3,206,716 | 3,188,845 |
| Táillí ar Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta | | 2,494,527 | 2,165,078 |
| Deontas Stáit i leith íocaíochtaí pinsin le baill foirne ar scor | | 359,885 | 175,446 |
| Ioncam eile | 2 | 51,374 | 57,033 |
| Iomlán an Ioncaim | | 6,112,502 | 5,586,402 |
| Aistriú ón gcúlchiste caipitil CCSP | 15 | 29,339 | 26,692 |
| | | **6,141,841** | **5,613,094** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais bhainteacha | 3 | 3,508,337 | 3,565,593 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | 5 | 20,520 | 31,648 |
| Cíos agus costais oifige | 6 | 663,360 | 728,328 |
| Oiliúint, Oideachas agus costais a bhaineann leis an bhfoireann | 7 | 126,848 | 100,644 |
| Faisnéis, taighde agus poiblíocht | 8 | 180,363 | 206,050 |
| Táillí gairmiúla | 9 | 483,251 | 175,157 |
| Riarachán ginearálta | 10 | 425,419 | 441,558 |
| Dímheas | 11 | 170,722 | 218,530 |
| **Iomlán ar chaiteachais** | | **5,578,820** | **5,467,508** |
| **Barrachas don bhliain** | | **563,021** | **145,586** |
| An chúlchiste ioncaim amháin ar an 1 Eanáir | 19 | 5,962,405 | 5,816,819 |
| Barrachas don bhliain | | 563,021 | 145,586 |
| **An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig** | | **6,525,426** | **5,962,405** |

Tá an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus nótaí 1 go dtí 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**David Begg**
Cathaoirleach

**Brendan Kennedy**
Riarthóir Pinsean

29 Meitheamh 2016

# CUNTAS IONCAIM CHUIMSITHIGH

| don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2015 | 2014 Athshonraithe |
| | Notes | € | € |
| Barrachas don bhliain | | 563,021 | 145,586 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí a bhaineann le sochar scoir | 20 | (142,000) | (403,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna a chinneann luach oibleagáidí sochar ar scor faoi láthair | 20 | (1,125,000) | 4,086,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar ar scor atá iarchurtha | 20 | 1,267,000 | (3,683,000) |
| Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain | | **563,021** | **145,586** |

Tá an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus nótaí 1 go dtí 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**David Begg**
Cathaoirleach

**Brendan Kennedy**
Riarthóir Pinsean

29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS

**Ar 31 Nollaig 2015**

| | | 2015 | | 2014 Athshonraithe | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | € | € | € | € |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Airnéis, trealamh agus fearas | 11 | | 158,997 | | 184,583 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Infháltais | 12 | 537,731 | | 494,755 | |
| Airgead tirim agus a choibhéis | 18 | 7,718,650 | | 7,064,569 | |
| | | 8,256,381 | | 7,559,324 | |
| **Suimeanna creidiúnaithe dlite taobh istigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha | 13 | 389,952 | | 252,163 | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **7,866,429** | | **7,307,161** |
| **Glansócmhainní roimh shochair ar scor** | | | **8,025,426** | | **7,491,744** |
| **Sochair ar Scor** | | | | | |
| Dliteanas socar ar scor | 20 | | (16,582,000) | | (17,069,000) |
| Maoiniú státchiste iarchurtha sochair ar scor | 20 | | **16,582,000** | | **17,069,000** |
| **Glansócmhainní i ndiaidh socar ar scor** | | | **8,025,426** | | **7,491,744** |
| **In Ionannas** | | | | | |
| Cúlchiste le haghaidh fhorfheidhmiú comhlíonta | 16 | 1,500,000 | | 1,500,000 | |
| Cúlchiste caipitil CCSP | 15 | - | | 29,339 | |
| Cúlchiste Ioncaim | | 6,525,426 | | 5,962,405 | |
| | | | **8,025,426** | | **7,491,744** |

Tá an ráiteas maidir le polasaithe cuntasaíochta, an ráiteas sreabhaidh airgid, agus nótaí 1 go dtí 23 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**David Begg**
Cathaoirleach

**Brendan Kennedy**
Riarthóir Pinsean

29 Meitheamh 2016

# AN RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID

| Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 | | | |
|---|---|---|---|
| | | 2015 | 2014 Athshonraithe |
| | **Nótaí** | € | € |
| Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 17 | 744,774 | 237,102 |
| SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE:<br>Ús isteach | | 41,645 | 73,271 |
| SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA:<br>íocaíochtaí chun airnéis, trealamh agus fearas a fháil | | (132,338) | (48,120) |
| **Ardú in airgead tirim agus a choibhéis** | | **654,081** | **262,253** |
| | | | |
| **Réiteach idir glansreabhadh airgid agus gluaiseacht i nglanchistí** | 18 | | |
| Ardú i nglanchistí sa bhliain | | 654,081 | 262,253 |
| Glanchistí ar 31 Eanáir | | 7,064,569 | 6,802,316 |
| **Glanchistí ar 31 Nollaig** | | **7,718,650** | **7,064,569** |

# NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITÍS AIRGEADAIS

## Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

### 1. Polasaithe i leith cuntasaíochta

Tá bunús na bpolasaithe cuntasaíochta atá glactha ag an Údarás Pinsean leagtha amach thíos. Táthar tar éis cloí leo go seasta tríd an bhliain agus tríd an bhliain roimhe sin.

**a) Faisnéis Ginearálta**

Bunaíodh an tÚdarás Pinsean faoi Acht na bPinsean, 1990, mar atá leasaithe, agus tá a phríohoifig suit ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo príomhchuspóirí an  Údaráis mar atá leagtha amach i gcuid 10 d'Acht na bPinsean, 1990, mar atá leasaithe:

- monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar ar oibriúchán an Achta seo agus ar fhorbairtí pinsean i gcoitinne
- .. comhairle a chur ar an Aire nuair a iarrtar é, nó gan iarraidh, faoi ghnéithe a bhaineann leis na róil shannta atá ag an Údarás faoin Acht seo, agus ghnéithe tá bainteach le pinsin i gcoitinne
- treoirlínte a eiseadh faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais ar ghnéithe sainiúla de na freagrachtaí sin
- áiseanna traenála cuí d'iontaobhaithe scéimeanna a lorg
- comhairle a chur ar an Aire maidir le caighdeáin d'iontaobhaithe scéimeanna agus ar a gcur i gcrích
- tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, chomh maith le cibé tuarascálacha eile a chinntear a bheith riachtanach ó am go chéile
- cibé tasc a leagann an tAire orainn ó am go chéile a chur i gcrích

Is aonán leasa poiblí é an tÚdarás Pinsean.

Tá na ráitis airgeadais ainmnithe in euro.

**b) Ráiteas Comhlíonta**

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dr críocht 31 Nollaig 2015 i ndiaidh a bheith curtha le chéile de réir FRS 102, an caighdeán tuairisciú airgeadais infheidhmithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, eisithe ag An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhoilsiú ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Is iad seo an chéad tacar ráiteas atá curtha le chéile ag an Údarás de réir FRS 102. Is é an dáta aistrithe go FRS 102 ná 1 Eanáir 2014. Rinneadh cuntais na bliana roimhe sin a athshonrú le haghaidh coigeartuithe ábhartha ar aistriú chuig FRS 102 sa bhliain reatha. Is féidir toradh an aistrithe seo a fheiceáil i nóta 19.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaítear na cuntais faoi mhodh cuntasaíochta na bhfabhruithe agus faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhcumaracht an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, mar atá leasaithe.

Táthar i ndiaidh cloí go docht agus go seasta leis na polasaithe cuntasaíochta seo agus muid ag déileáil le míreanna ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean.

**d) Deontais ón Oireachtas**

Is é atá sna deontais seo ná suimeanna atá curtha ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun costais aoisliúntais a íocann an tÚdarás a fhorchúiteamh. Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhunús admhálacha airgid thirim.

**e) Ioncam ó tháillí**

i) Táillí ó scéimeanna pinsin ceirde

Tá táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéimeanna de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Ta na rátaí reatha leagtha amach in Ionstram Reachtúil 634 na bliana 2010 – Scéimeanna Pinsin Ceirde )Táillí) (Leasú) Rialacháin, 2010. Tá táillí i leith scéimeanna grúpa iníoctha i ndiaidh bliana.

Aithníonn an tÚdarás táillí mar ioncam ar bhunús bliana féilire; Meastar táillí i leith daoine aonair mar fhéichiúnaí ag deireadh na bliana.

ii) Táillí ó Chuntais Choigiltis Aonair ar Scor

Gearrtar táillí ar sholáthróirí scéimeanna CCSP. Meastar na táillí seo de réir líon na dtáirgí faofa and luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthróra ag deireadh na bliana roimhe sin. Ta na rátaí reatha leagtha amach in Ionstram Reachtúil 506 na bliana 2002 – Cuntais Choigiltis Aonair ar Scor (Táillí) Rialacháin, 2002

**f) Airnéis, Trealamh agus Fearas**

Meastar airnéis, trealamh agus fearas ar a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar costas dímheasa sa ráiteas ioncaim agus caiteachais, agus cúlchistí ioncaim ar bhunús líne dhíreach ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, leasaithe de réir luach atá fágtha, thar shaolré gach rannóige thíos.

| | | |
|---|---|---|
| • Feabhsúcháin léasaithe | 6⅔% | 15 bliana |
| • Fearas ríomhaireachta | 25% | 4 bliana |
| • Troscán oifige | 12½% | 8 mbliana |
| • Fearas oifige | 20% | 5 bliana |

Is é atá i luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí dá bhfaighfí réidh leis an earra, i ndiaidh costas diúscairte a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus i staid a mbeifí ag súil leis ag an deireadh.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil máchail ar an tsócmhainn, aithnítear an caillteanas sin i ráiteas ioncaim agus caiteachais sa bhliain reatha.

**g) Léas Oibriucháin**

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa i ráiteas ioncaim agus caiteachais na bliana ina n-íoctar iad.

**h) Sochair ar Scoir**

**Nádúr Scéimeanna:**

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993 agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar an tSamhail Thraidisiúnta Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghsinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna. Ina theanna sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);
- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D, agus is é an tÚdarás a íocann í;
- Tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach is é barúil an Údaráis anois go bhfuil dualgas ar an Údarás sochair phinsin a íoc, ach tá an Státchiste i ndiaidh ciste airgead a chur ar fáil le cinntiú go mbeidh an tÚdarás in ann aon dualgas mar seo a shocrú más gá, fad is a íocann an tÚdarás ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí ar rátaí atá sainithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Mar sin, aithnítear sna ráitis airgeadais dualgas sochair phinsin iarchurtha agus cistiú pinsin ón státchiste infhála. Athrú é seo ar pholasaí cuntasaíochta ón bpolasaí a bhí réim roimhe sin. Tá mionsonraí ina leith seo ar fáil i Nóta 20 sna ráitis airgeadais.

Tá íocaíochta sochair aoisliúntais iniata sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais, agus tá ioncam ar aon dul leis mar íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Dliteanais Scéime**

Meastar dliteanais scéime, is é sin luach reatha íocaíochtaí sa todhchaí a thuillfidh foireann an Údaráis, meastar iad ar bhunús achtúireach trí mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsean na sochair phinsean a thuillfidh fostaithe.

Meastar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh méid cistithe atá iarchurtha mar mhéid atá cothrom le meastachán na n-oibleagáidí do dhliteanais na scéimeanna pinsean.

**Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha na scéime**

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as toimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh don bhliain ina dtarlaíonn siad. Déantar athrú cuí don iarmhéid le haghaidh cistiú sochar ar scor ón státchiste atá iarchurtha.

Is é atá i ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain ná costais phinsin sa ráiteas caiteachais agus ioncaim agus cúlchiste ioncam coinnithe.

Sna blianta atá thart chláraigh an tÚdarás ranníocaíocht an fhostóra sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus choinnigh an cúlchiste ioncaim sa bhliain, mar a bheadh scéim RS ann. Níl éifeacht ag an athrú seo ar an mbarrachas atá cláraithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchiste ioncaim coinnithe ná ar an ráiteas maidir le staid airgeadais.

i) **Cúlchiste caipitil CCSP**

Is éard atá sa chúlchiste seo ná an méid amúchta de dheontas Stáit a úsáideadh le haghaidh sócmhainní seasta atá ábhartha do riarachán PSA agus atá amúchta de réir dhímheas na sócmhainní a fuarthas.

j) **Cúlchiste Forfheidhmithe Comhlíonta**

Toisc gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil dualgas air monatóireacht a dhéanamh agus comhlíonadh a chur i bhfeidhm le forálacha Acht na bPinsean, 1990, mar atá leasaithe, is féidir go mbeidh ar an Údarás dul i muinín caingean dlí.

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh costais mhóra a bheith ar an Údarás. Ní féidir a bheith cinnte an dtarlóidh a leithéid nó cén uair nó cén costas a bheadh i gceist, ach tá an tÚdarás den tuairim gur cóir go mbeadh dóthain airgid curtha ar leataobh agus gur cóir costais mar sin a shíneadh amach thar roinnt blianta.

Mar sin, bogtar suimeanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta nuair a cheaptar gur cóir.

I gcás caingean sainiúil dlí aistrítear suimeanna airgid ar ais isteach sa chuntas ioncaim agus caiteachais ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíonta.

k) **Breitheanna agus meastacháin criticiúla cuntasaíochta**

Agus iad i mbun ráitis airgeadais a ullmhú bíonn ar lucht bainistíochta breitheanna agus meastacháin a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar shuimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear mar ioncaim agus caiteachais i gcaitheamh na bliana. Ciallaíonn meastachán, áfach, go bhféadfadh na figiúir a bheith éagsúil uathu siúd a thuairiscítear.

Seo a leanas na breitheanna a raibh an tionchar ba mhó acu ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus luachanna iarmharacha**

Tá an tÚdarás i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar fhad saoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha gach rannóg de shócmhainní suite, agus go háirithe fad saoil eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha feisteas agus daingneán, agus tá sé den tuairim go bhfuil na luachanna iarmharacha cuí.

**Oibleagáid sochar scoir**

Déan uasdátú ar bhonn bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachála achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí costais sláinte ar fad ina measc). Déantar é seo bunaithe ar athruithe suntasacha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsean.

Is féidir go mbeidh tionchar acu seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe i ráta brabúis ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha i margadh an tsaothair sa todhchaí

(iii) treochtaí rátaí costas sláinte, boilsciú ar chostais sláinte sna réigiúin ábhartha

### 2. Ioncam eile

| Ioncam eile | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Ioncam ar ús | 44,722 | 50,529 |
| Aisghabháil costais ionchúisimh | 6,002 | 6,169 |
| Ioncam eilghnéitheach | 650 | 335 |
| | **51,374** | **57,033** |

### 3. Costais fostaithe

Ba é meánlíon na bhfostaithe lánaimseartha le linn na bliana ná 42 (2014. 45) agus ba é an creat rialaithe fostaíochta ná 51 ag deireadh 2015 (2014. 50). Is iad seo a leanas na costais chomhiomlána a bhaineann le fostaíocht:

| Costais fostaithe | 2015 € | 2014 Athshonraithe € |
|---|---|---|
| Tuarastail | 2,322,828 | 2,511,311 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra [1] | 598,434 | 654,643 |
| Ranníocaíochtaí ASPC an fhostóra | 199,124 | 211,617 |
| Sochair aoisliúntais iníoctha | 359,885 | 175,446 |
| Foireann páirtaimearstha ón ngníom-haireacht | 28,066 | - |
| Íocaiochtaí iomarcaíochta | - | 12,576 |
| | **3,508,337** | **3,565,593** |

| Réimse Sochair iomlána fostaithe | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó € | Chuig € | 2015 | 2014 |
| 60,000 | 69,999 | 4 | 4 |
| 70,000 | 79,999 | 3 | 3 |
| 80,000 | 89,999 | 1 | 2 |
| 90,000 | 99,999 | 4 | 5 |
| 100,000 | 109,999 | 1 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | - | - |
| 120,000 | 129,999 | - | - |
| 130,000 | 139,999 | - | - |
| 140,000 | 149,999 | 1 | 1 |

1 Féach nóta 20: €6,414 le haghaidh fostóir ar iasacht san áireamh

### 4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean [2]

| Luach saothair an Rialtóra Pinsean | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 143,535 | 143,535 |
| Ranníocaíochta aoisliúntais an fostóra | 35,884 | 35,884 |
| | **179,419** | **179,419** |

Níl teidlíochtaí an rialtóra pinsean níos airde ná na teidlíochtaí caighdeánacha atá curtha ar fáil I scéim sochar sainithe aoisliúntais na hearnála poiblí.

### 5. Táillí bhaill an Údaráis

| Táillí an Údaráis | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **2015 €** | **2014 €** |
| Jane Williams – Cathaoirleach | 20,520 | 18,967 |
| Anne Vaughan | - | - |
| Ann Nolan | - | - |
| **Baill an bhoird ar Bhórd na bPinsean go dtí 6 Márta 2014** | | |
| Rosalind Briggs | - | 1,409 |
| Noreen Deegan | - | 1,409 |
| Terence Noone | - | 1,409 |
| Emer O'Flanagan | - | 1,409 |
| Don O'Higgins | - | 1,409 |
| Phelim O'Reilly | - | 1,409 |
| Mary Walsh | - | 1,409 |
| Niall Walsh | - | 1,409 |
| Robin Webster | - | 1,409 |
| Patricia Murphy | - | - |
| David Owens | - | - |
| Brendan Johnston | - | - |
| Kevin Finucane | - | - |
| Rachael Ryan | - | - |
| | **20,520** | **31,648** |

2 San áireamh mar chuid de chostais an fhostaí i nóta 3

### 6. Cíos agus costais oifige

| Cíos agus costais oifige | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos | 490,662 | 554,343 |
| Táillí seirbhíse | 60,655 | 60,658 |
| Rátaí | 48,753 | 48,563 |
| Leictreachas | 24,925 | 27,528 |
| Glanadh | 22,640 | 20,709 |
| Cothabháil ghinearálta | 13,121 | 10,281 |
| Stóráil sheachtrach | 2,604 | 6,246 |
| | **663,360** | **728,328** |

Tá oifigí ag an Údarás ag Teach Verschoyhle, Sráid an Mhóta Íochtarach, BÁC 2, faoi léas 25 bliana, a thosaigh 16 Iúil 2001.



### 7. Oiliúint, oideachas agus costais a bhaineann le foireann

| Oiliúint, oideachas agus costais a bhaineann le foireann | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Oiliúint agus oideachas | 99,311 | 72,748 |
| Costais a bhaineann le foireann [3] | 27,537 | 27,896 |
| | **126,848** | **100,644** |

### 8. Faisnéis, taighde agus poiblíocht

| Faisnéis, taighde agus poiblíocht | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Bolscaireacht agus gníomhaíochtaí teagmhála | 132,814 | 145,650 |
| Priontáil, foilseacháin agus suíomh gréasáin | 27,130 | 36,653 |
| Taighde | 20,419 | 23,747 |
| | **180,363** | **206,050** |

3 Costais ceaintín, deonacháin chuig cumann spóirt agus sóisialta agus gníomhaíochtaí eile san áireamh.

### 9. Táillí gairmiúla

| Táillí gairmiúla | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 79,184 | 41,700 |
| Tacaíocht d'fhiosrúchán agus comhlíonadh | 72,120 | - |
| Forbairt tionscadal | 142,802 | 22,226 |
| Comhchomhairleacht taighde | 62,077 | 47,232 |
| Táillí achtúireacha inmheánacha | 14,268 | 8,093 |
| Táillí achtúireacha reachtúla | 15,000 | 16,500 |
| Comhchomhairleacht earcaíochta | 69,157 | 14,783 |
| Caidreamh poiblí | 3,272 | 1,169 |
| Eile | 25,371 | 23,454 |
| | **483,251** | **175,157** |

### 10. Riarachán ginearálta

| Riarachán ginearálta | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Costais páipéarachais agus riaracháin [4] | 53,822 | 51,883 |
| Síntiúis chorparáideacha | 132,388 | 137,074 |
| Guthán agus postas | 33,747 | 33,112 |
| Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin | 126,622 | 115,175 |
| Taisteal agus cothabháil[5] | 24,416 | 47,952 |
| Árachais | 50,433 | 52,029 |
| Táillí bainc | 3,991 | 4,333 |
| | **425,419** | **441,558** |

4 Táillí bhaill den Choiste Airgeadais agus Achtúireacha san áireamh €2,414

5 San áireamh sna costais seo bhí:
- Taisteal thar lear, €18,251
- Costais an Rialtóra Pinsean (taisteal thar lear sa mhórchuid), €4,744, (2014, €12,240)

Bhain taisteal thar lear i gcoitinne le rannpháirtíocht an Údaráis i ngníomhaíocht pholasaí de cuid an AE i leith rialacháin agus maoirseachta, go háirithe freastal ar cruinnithe d'Údarás na hEorpa um Árachas agus Pinsean Ceirde (UEAPC).

### 11. Airnéis, trealamh agus fearas

| | LFeabhsúcháin ar léasacht € | Fearas ríomhaireachta € | Troscán oifige € | Fearas oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luach** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 1,163,434 | 1,047,691 | 212,681 | 77,469 | 2,501,275 |
| Breiseanna sa bhliain | - | 138,422 | 4,114 | 2,600 | 145,136 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | - | - | (267) | (267) |
| Ar 31 Nollaig 2015 | **1,163,434** | **1,186,113** | **216,795** | **79,802** | **2,646,144** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 1,069,823 | 975,126 | 201,089 | 70,654 | 2,316,692 |
| Táille don bhliain | 79,181 | 83,775 | 3,251 | 4,515 | 170,722 |
| Diúscairí don bhliain | - | - | - | (267) | (267) |
| Ar 31 Nollaig 2015 | **1,149,004** | **1,058,901** | **204,340** | **74,902** | **2,487,147** |
| **Glanluach ar an leabhar** | | | | | |
| Ar 31 Nollaig 2014 | **93,611** | **72,565** | **11,592** | **6,815** | **184,583** |
| Ar 31 Nollaig 2015 | **14,430** | **127,212** | **12,455** | **4,900** | **158,997** |



### 12. Infháltas

| Suimeanna dlite taobh istigh de bhliain amháin: | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí | 420,000 | 400,000 |
| Ús carntha infhála | 28,901 | 25,825 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam carntha | 43,309 | 44,841 |
| Féichiúnaithe eile | 45,521 | 24,089 |
| | **537,731** | **494,755** |

### 13. Iníoctha

| Suimeanna dlite taobh istigh de bhliain amháin | 2015 € | 2014 Athshonraithe € |
|---|---|---|
| Fabhraithe creidiúnaithe | 164,437 | 124,455 |
| Fabhraithe caipitil | 12,798 | - |
| Fabhraithe tuarastal saoire | 44,388 | 35,057 |
| Creidiúnaí cánach | 84,313 | 86,912 |
| Creidiúnaí Roinn Coimirce Sóisialaí | - | 2,000 |
| Creidiúnaithe trádála | 84,016 | 3,739 |
| | **389,952** | **252,163** |

### 14. Ceangaltais Airgeadais

(i) **Ceangaltais chaipitil**
Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann ar 31 Nollaig 2015.

(ii) **Léasanna oibriúcháin**
Bhí ceangaltais iníoctha faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe ag an Údarás mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Taobh istigh de bhliain amháin | €396,567 |
| 2 – 5 bliana | €1,660,000 |
| Os cionn 5 bliana | €2,297,849 |

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar chostas.

### 15. Cúlchiste caipitil CCSP

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 29,339 | 56,031 |
| Aistriú chuig Ráiteas Ioncaim agus Costais agus tuillimh choinnithe | | |
| Amúchadh – fáltas na bliana roimhe | (29,339) | (26,692) |
| Ag deireadh na bliana | - | **29,339** |

### 16. Cúlchiste le haghaidh forfheidhmiú comhlíonta

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Ag tús agus ag deireadh na bliana | **1,500,000** | **1,500,000** |

### 17. Réiteach idir barrachas don bhliain le hairgead isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2015<br>€ | 2014<br>Athshonraithe<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 563,021 | 145,586 |
| Coigeartú na bliana roimhe – fabhrú tuarastal saoire | | (33,875) |
| **Míreanna neamh-oibriúcháin** | | |
| Ioncam airgeadais | (41,645) | (73,271) |
| **Míreanna neamhairgid** | | |
| Aistriú ó chúlchiste caipitil CCSP | (29,339) | (26,692) |
| Dímheas | 170,722 | 218,530 |
| (Méadú) ar infháltais | (42,976) | (27,766) |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha neamh-chaipitil | 124,991 | 34,590 |
| Airgead isteach glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **744,774** | **237,102** |



### 18. Anailís ar athruithe ar ghlanchistí

| | Ar 1 Eanáir 2015<br>€ | Sreabhadh airgid<br>€ | Ar 31 Nollaig 2015<br>€ |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 573,501 | (135,997) | 437,504 |
| Éarlais ghearrthéarmacha | 6,491,068 | 790,078 | 7,281,146 |
| | **7,064,569** | **654,081** | **7,718,650** |

### 19. Trasdul chuig FRS 102

| Réiteach idir caipitil agus cúlchistí | Ar 1 Eanáir 2014 € | Ar 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| **Caipitil agus cúlchiste (mar atá sonraithe cheana)** | **5,850,649** | **5,997,462** |
| Tuarastal saoire infhála [6] | (33,875) | (35,057) |
| **Caipitil agus cúlchiste (mar atá athshonraithe)** | **5,816,819** | **5,962,405** |

| Réiteach barrachais don bhliain | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|
| **Barrachas don bhliain (mar atá sonraithe cheana)** | **146,768** |
| Tuarastal saoire infhála | (1,182) |
| **Barrachas don bhliain (mar atá athshonraithe)** | **145,586** |



### 20. Ionramháil chuntasaíochta le haghaidh sochair ar scor[7]

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993 agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar an Múnla Traidisiúnta Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghsinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.

Ina theanna sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair)

- cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D, agus is é an tÚdarás a íocann í

- tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste na costais nuair a bhíonn siad dlite

6 Tuarastal saoire infhála – Níor fhabhraigh an tÚdarás roimh seo le haghaidh tuarastal saoire atá tuillte ag fostaithe nach bhfuarthas ag an am. Faoi FRS 102 caithfidh na ráitis airgeadais na infháltais sin a aithint. Mar thoradh ar an athrú seo tá méadú €33,875 I gcreidiúnaithe ag dáta an idirbhearta. Laghdaítear an barrachas faoi €33,875 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 agus faoi €1,182 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

7 Féach nóta 3.

**Luacháil Achtúireach**

Choimisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochair ar scor faoi FRS 102 ar dháta ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus costas na sochar (costais seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar mhodh an Aonaid Reamh-Mheasta, ag brath ar na toimhdí seo a leanas (le comparáidí le 2014):

| | 31 Nollaig 2015 | 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine [8] | 2.60% p.a. | 2.30% p.a. |
| Ráta boilscithe | 1.50% p.a. | 1.50% p.a. |
| Méaduithe ar phinsin in íocaíocht | 2.50% p.a. | 2.50% p.a. |
| Méaduithe ar thuarastail inphinsin | 2.50% p.a. | 2.50% p.a. |

Is iad seo a leanas na príomh-thoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun teacht ar na dliteanais sochair ar scor faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na bliana:

| | 31 Nollaig 2015 | | 31 Nollaig 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| Ráta báis in aghaidh gach scoir | Tada | | Tada | |
| Ráta báis I ndiaidh scoir | 62% (fireann)/70% (baineann) de na táblaí básmhaireachta PNML00/ PHFL00 le lamháltas le haghaidh básmhaireachta sa todhchaí. | | 62% (fireann)/70% (baineann) de na táblaí básmhaireachta PNML00/ PHFL00 le lamháltas le haghaidh básmhaireachta sa todhchaí. | |
| Ionchas saoil ag aois 65 | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann |
| Dáta FRS | 22.8 | 23.6 | 22.7 | 23.5 |
| Dáta FRS + 20 bliain | 25.2 | 25.7 | 25.1 | 25.6 |
| Scor | 7Glactar leis go rachaidh 70% díobh siúd a bhfuil rogha acu ar scor ag aois 60 agus gach duine eile ag an ngnáthaois scoir. | | Glactar leis go rachaidh 70% díobh siúd a bhfuil rogha acu ar scor ag aois 60 agus gach duine eile ag an ngnáthaois scoir. | |
| Bearna aoise | Glactar leis go mbeidh mná trí bliana níos óige ná a gcéilí | | Glactar leis go mbeidh mná trí bliana níos óige ná a gcéilí | |

**Anailís ar iomlán na gcostas gearrtha ar chaiteachas**

| | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an fhostóra | 598 | 655 |
| Costas seirbhíse reatha [9] | 747 | 539 |
| Costas úis | 393 | 0 |
| Costas seirbhíse san am atá caite | 0 | 0 |
| Coigeartú ar chistiú pinsin ón státchiste | (1,140) | (539) |
| Iomlán gearrtha ar ráiteas ioncaim agus caiteachais cúlchiste státchiste coinnithe | **598** | **655** |

8 Tá an ráta lascaine ordaithe faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar thoradh ó bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán ar dháta na luachála.
9 Istigh leis an gcostas seirbhíse reatha bhí ranníocaíochtaí na bhfostaithe ar €121,100 sa bhliain 2015 agus €140,000 in 2014.

**Gluaiseacht i ndliteanas glan pinsean**

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| Dliteanas glan pinsin ar 1 Eanáir | 17,069 | 12,569 |
| Costas na seirbhíse reatha | 747 | 539 |
| Costas an úis | 393 | 453 |
| Costas na seirbhíse san am atá thart | 0 | 0 |
| Caillteanais (gnóthachain) ó thaithí ar scéimeanna | (142) | (403) |
| Athrú ar thoimhdí | (1,125) | 4,086 |
| Sochair íoctha lle linn na bliana | (360) | (175) |
| Dliteanas glan ar phinsin ar 31 Nollaig | **16,582** | **17,069** |

**Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais**

Seo thíos iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra[10] | 599,586 | 678,427 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | 121,357 | 140,054 |
| Asbhaint a bhaineann le pinsean[11] | 144,401 | 169,895 |
| | **865,344** | **988,376** |

## 21. Nochtadh idirbheart

De réir Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Cód Iompair Gnó ag an Údarás le haghaidh gnáthbhall. Sa Chód Iompair Gnó tá treoir i leith nochtadh leas atá ag baill an Údaráis. Tá an tÚdarás I ndiaidh cloí leis an gCód seo le linn na bliana atá I gceist leis na ráitis airgeadais seo. Le linn 2015 ní raibh idirbheart airgeadais ar bith le baill an Údaráis seach tá táillí atá sonraithe i nóta 5. Níor nocht baill an Údaráis leas airgeadais ag am ar bith le linn 2015.

## 22. Cáin

Tá an tÚdarás saor ó cháin chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

## 23. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Baill an Údaráis a d'fhaomh na ráitis airgeadais ar 29 Meitheamh 2016.

10 Istigh leis seo tá ranníocaíocht €7,566 (2014, Istigh leis seo tá ranníocaíocht €7,566 (2014, €23,784) i leith fostaí ar iasacht23,784) i leith fostaí ar iasacht.
11 Asbhainte ó bhaill foirne agus tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí de bhun An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009.

# AGUISÍN I

## Torthaí Rialála 2015

| Feidhm agus Táscairí | Sprioc / ionchas in 2015 | Toradh in 2015 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe le hiontaobhaithe, riarthóirí cláraithe agus soláthróirí pinsean | 15 | 60 | Tá gníomhaíocht sa chuid seo idir réamhghníomhach agus iarghníomhach agus bunaithe ar thorthaí fiosrúchán, cigireachtaí ar an láthair, agus iniúchtaí scéimeanna ar leith.<br><br>Tionóladh cruinnithe le hiontaobhaithe, le soláthróirí pinsin, agus le riarthóirí seirbhíse poiblí le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna ginearálta a bhaineann le cúrsaí comhlíonta. Tionóladh cruinnithe le díriú ar shaincheisteanna áirithe comhlíonta is ábhar imní don Údarás freisin.<br><br>In 2015 chuir an tÚdarás tús le teagmháil réamhghníomhach le scéimeanna maoinithe le sochar sainithe d’fhonn breathnú ar a mbainistíocht airgeadais agus riosca. |
| Líon na n-iniúchtaí ar an láthair a rinneadh ar riarthóirí cláraithe | 6 | 4 | Rinne an tÚdarás ceithre iniúchadh ar an láthair ar riarthóirí cláraithe. Cuireadh athruithe I bhfeidhm in 2014 ar láimhseáil agus ar fhócas na n-iniúchtaí seo le cinntiú go bhfuil an ghníomhaíocht seo solúbtha agus frithghníomhach don taithí. |
| Iniúchtaí ar chomhlíonadh | 200 | 225 | Roghnaíodh 225 scéim le hiniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe áirithe a bhain le forálacha nochta, iniúchtaí sochar dlite agus stádas calctha scéime. |
| Athbhreithnithe comhlíonta ar scéimeanna | 12 | 5 | Rinne an tÚdarás athbhreithniú cuimsitheach ar mhaoirseacht agus ar riarachán 5 scéim agus a n-iontaobhaithe. Tá an ghníomhaíocht seo ag teacht leis na hiniúchtaí ar an láthair a dhéanann an tÚdarás ar riarthóirí cláraithe. |
| Athbhreithnithe bliantúla ar sholáthróirí CCSP | 14 | 14 | Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar 14 thuarascáil bhliantúla soláthróirí CCSPanna. Téann an tÚdarás i dteagmháil leis an soláthróir ábhartha agus lena Achtúire d’fhonn teacht ar réiteach ar aon mhionsonraithe atá nochta sa tuarascáil. |
| Líon na bhfiosruithe nua de bharr sáruithe fhorálacha Acht na bPinsean | Gan sprioc | 45 | Cuireadh 45 iniúchadh nua ar bun de thoradh líomhaintí faoi sháruithe Acht na bPinsean.  Fuarthas tuairiscí , mar shampla, a líomhain nach raibh ranníocaíochtaí á gcur chun sochair na scéime; nár tugadh freagra ar iarratas reachtúil. Dúnadh 66 chás agus cuireadh 18 gcás ar aghaidh le haghaidh ionchúisimh. |

| Feidhm agus Táscairí | Sprioc / ionchas in 2015 | Toradh in 2015 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Líon na n-ionchúiseamh ar cuireadh tús leo | Gan sprioc^ | 37 | Tugadh 37 gcás ionchúisimh chun críche in 2015. D'éirigh leis an Údarás ciontuithe a bhaint amach i 22 chás. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí i gceithre chás eile agus scriosadh amach deich gcás eile ós rud é gur íocadh na riaráistí a bhí amuigh. Cuireadh críoch le hachomharc amháin sa Chúirt Dúiche. Gearradh fíneálta arbh fhiú €38,890 iad san iomlán.<br><br>^Ní thionscnaítear ionchúisimh ach nuair is gá. Níl sprioc ar bith leagtha síos mar nach dtionscnaítear ionchúiseamh ach nuair a bhíonn cúis leis. |
| Sciar na scéimeanna reatha nach bhfuil aon riarthóir cláraithe ceaptha ina gcás. | 4% | 6% | Ní bhaineann an figiúr seo ach le scéimeanna reatha amháin. Tá sé ar cheann de thosaíochtaí an Údaráis a chinntiú go mbeidh riarthóir ag na scéimeanna uile atá ag éileamh riarthóir cláraithe a bheith acu. |
| Líon na scéimeanna a ndearnadh tograí maoinithe a49(3)b agus/ nó iarratais laghdaithe sochair s50 a phróiseáil ina leith | 50 | 26 | Le linn 2015 fuair an tÚdarás 13 thogra maoinithe ó scéimeanna SS agus shonraigh an tÚdarás dáta níos moille i ngach cás.. Fuarthas 13 iarratas ó scéimeanna SS chun sochair fhabhraithe a laghdú agus deonaíodh cead dóibh uile.<br><br>Faoin 21 Nollaig 2015 bhí 60% de scéimeanna SS I gcomhlíonadh leis an gcaighdeán maoinithe. Seachas naoi gcinn tá an chuid eile acu tá tograí maoinithe comhaontaithe acu chun iad a thabhairt I gcomhlíonadh leis an gcaighdeán. |
| Sciar de scéimeanna SS a bhfuil a caighdeán maoinithe acu nó a bhfuil plean faofa maoinithe á leanúint acu | 100% | 98% | Tá tograí maoinithe fós le haontú i gceist naoi scéim chun iad a thabhairt i gcomhlíonadh leis an gcaighdeán |
| Líon na bhfiosruithe a láimhseáladh | Gan sprioc | 10,000 | Bhain mórchuid na bhfiosruithe le le nithe ar nós nochtadh faisnéise, dualgais iontaobhaithe, caighdeáin mhaoinithe, caomhnú agus CSSPanna, móide fiosruithe faoi Chlár Sonraí Pinsean an Údaráis |
| Ráta tinrimh bhaill an Údaráis | 100% | 100% | Bhí lán-tinreamh ag gach cruinniú |

# AGUISÍN II

## Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2015

| Uimhir | Ainm an cháis | Alt ábhartha in Acht na bPinsean | Pionós |
|---|---|---|---|
| 1 | CAG Manufacturing Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €3,000 |
| | Christopher Gray, director of CAG Manufacturing Ltd | | Fíneáilte €300 |
| 2 | CAG Manufacturing Ltd | S18 | Ciontaithe |
| | Christopher Gray, director of CAG Manufacturing Ltd | | Ciontaithe |
| 3 | RN Murphy & Associates Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €1,000 |
| | Mr Murphy, director of RN Murphy & Associates Ltd * | | Fíneáilte €3,000 |
| 4 | Eftim Hurley Groundworks Ltd | S18 | Fíneáilte €250 |
| | Eftim Hurley, director of Eftim Hurley Groundworks Ltd | | Fíneáilte €250 |
| 5 | Avonbrook Ltd - Avonbrook Ltd Plan No. 1 | S58A(1) | Fíneáilte €1,000 |
| 6 | Avonbrook Ltd - Avonbrook Ltd Plan No. 1 | S58A(2) | Ciontaithe |
| 7 | Avonbrook Ltd - Avonbrook Ltd Plan No. 2 | S58A(1) | Fíneáilte €1,000 |
| 8 | Avonbrook Ltd - Avonbrook Ltd Plan No. 2 | S58A(2) | Ciontaithe |
| 9 | Avonbrook Ltd - Trendsoft Limited Plan No. 3 | S58A(1) | Fíneáilte €1,000 |
| 10 | Avonbrook Ltd - Trendsoft Limited Plan No. 3 | S58A(2) | Ciontaithe |
| 11 | Trendsoft (Ireland) Ltd - Trendsoft Limited Plan No. 3 | S58A(1) | Fíneáilte €1,000 |
| 12 | Trendsoft (Ireland) Ltd - Trendsoft Limited Plan No. 3 | S58A(2) | Fíneáilte €1,000 |
| 13 | DK Partitions and Ceiling Ltd | S18 | Fíneáilte €500 |
| 14 | DK Partitions and Ceiling Ltd | S58A(1) | Ciontaithe |
| 15 | Eoin Smith trading as SEM Construction | S58A(1) | Fíneáilte €3,000 |
| 16 | Axiologix Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €7,500 |
| 17 | Staplestown Plant Hire Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €2,500 |

* Faoi achomharc faoi láthair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | James O'Connor, director of Staplestown Plant Hire Ltd | | Fíneáilte €2,140 |
| 18 | Neil O'Shea, director of O S Sheetmetal Ltd | S18 | Fíneáilte €500 |
| 19 | W & J Bolger Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €500 |
| 20 | Eurobead Insulation Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €2,200 |
| 21 | Michael Lynch Civil Engineering Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €250 |
| 22 | Amlema Construction Ltd | S58A(1) | Fíneáilte €4,000 |
| | Kieran Duffy, director of Amlema Construction Ltd | | Fíneáilte €1,500 |
| | Jackie Duffy, director of Amlema Construction Ltd | | Fíneáilte €1,500 |

# AGUISÍN III

## Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gcuntais choigiltis scoir phearsanta

**Tábla 1: Líon na scéimeanna agus ballraíocht reatha ar 31 Nollaig 2015**

| Líon na scéimeanna agus ballraíocht reatha ar 31 Nollaig 2015 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid na scéime | Ranníocaíocht Shainithe | | Sochar Sainithe | | | | Na scéimeanna ar fad | |
| | | | Faoi Réir Caighdeáin Mhaoinithe | | Gan a bheith Faoi Réir Caighdeáin Mhaoinithe | | | |
| | Líon scéimeanna | Baill ghníomhacha | Líon scéimeanna | Baill ghníomhacha | Líon scéimeanna | Baill ghníomhacha | Líon scéimeanna | Baill ghníomhacha |
| Calctha | n/a | n/a | 189 | 0 | 0 | 0 | 189 | 0 |
| foirceanta | n/a | n/a | 44 | 0 | 0 | 0 | 44 | 0 |
| | | | | | | | | |
| Gan ghrúpa | 56,714 | 56,714 | 7 | 7 | 3 | 3 | 56,724 | 56,724 |
| 1 to 50 | 9,740 | 61,219 | 278 | 4,849 | 35 | 747 | 10,053 | 66,815 |
| 51 to 99 | 321 | 22,405 | 61 | 4,481 | 12 | 844 | 394 | 27,730 |
| 100 to 500 | 288 | 60,108 | 89 | 21,784 | 22 | 4,977 | 399 | 86,869 |
| 501 to 1000 | 36 | 24,785 | 26 | 16,685 | 4 | 3,012 | 66 | 44,482 |
| 1001+ | 26 | 56,398 | 21 | 78,149 | 23 | 329,572 | 70 | 464,119 |
| **2015 Iomlán** | 67,125 | 281,629 | 715 | 125,955 | 99 | 339,155 | 67,939 | 746,739 |
| | | | | | | | | |
| **2014 Iomlán** | **61,309** | **263,261** | **778** | **139,877** | **108** | **329,889** | **62,195** | 733,027 |
| **Athrú ó 2014 2014** | **5,816** | **18,368** | **-63** | **-13,922** | **-9** | **9,266** | **5,744** | 13,712 |



**Tábla 2: CCSPanna ar 31 Nollaig 2015**

| | Deireadh 2015 | Deireadh 2014 | Athrú |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gconarthaí: | 237,608 | 226,605 | 11,003 |
| • Conarthaí caighdeánacha CCSP | 176,784 | 169,000 | 7,784 |
| • Conarthaí neamh-chaighdeánacha CCSP | 60,824 | 57,605 | 3,219 |
| **Iomlán na sócmhainní:** | **€5.21 billiún** | **€4.66 billiún** | **€0.55 billiún** |

An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Íosghlao: 1890 65 65 65
www.antudaraspinsean.ie

ISSN 1649 8690